

Ó: An Scríobhlann

**Seolta:** Friday 15 July 2022 10:54

**Chuig:** Eoghan O Cruadhlaich; Aengus Ó Snodaigh; Seán Ó Coinn; Pádraig M. Ó Beaglaich

**Subject:** Moltaí don Chomhchoiste Dála ar an nGaeilge



A Eoghain, a chara,

Chugat, leis seo, moltaí uaim a d'iarr tú orm a chur ar fáil thar ceann an Chomhchoiste Dála ar an nGaeilge. Mar is léir ar na seoltaí e-phoist thuas, táid curtha ar aghaidh agam, chomh maith, chuig daoine atá bainteach leis an bpróiseas.

Mo mhórmheas ort agus ar an obair mhór atá idir lámha,

Ré

--

A Chairde uile,

Is ar cuireadh ón gComhchoiste Dála ar an nGaeilge a bhfuil na moltaí seo thíos á ndéanamh agam.

Tá na seisiúin den Chomhchoiste leanta agam ar an scáileán thar achar ama, agus molaim an dua agus an díograis atá caite ag na rannpháirtithe éagsúla sa phlé. Molaim, ach go háirithe, ról an Chathaoirligh, Aengus Ó Snodaigh, T.D., as a fheabhas agus a thuisceanaí atá an próiseas uile láimseáilte aige.

Faraor, san uair a iarradh orm, mar Speisialtóir in Oideachas na Léitheoireachta, cur i láthair a dhéanamh ag an gComhchoiste, tháinig an dáta sin salach ar sheisiún cinnchúrsa ar Fhorbairt na Léitheoireachta a bhí le tabhairt agam i nGaillimh ar an lá céanna.

I gcomhthéacs obair an Chomhchoiste, ba é ba mhó a theastaigh uaim a chur ar a súile do na baill ar an lá nár éirigh liom a bheith i láthair ná go bhfuil sé thar a bheith soiléir dom gur le croí mór agus dua atá obair an Chomhchoiste déanta, ach go n-airím go bhfuil an baol ann gurb é a tharlóidh, de thoradh ar nádúr an phlé agus na gcur i láthair éagsúil atá déanta, go gcuirfead plastar gearrthéarmach ar an ngoin agus nach n-aithneofar agus nach réiteofar an fhíor-bhunfhadhb ar chor ar bith, agus gur ag filleadh ar an bhfíorfhadhb a bheas muid ag am a bheidh cás na Gaeilge níos laige agus níos práinní, fiú, ná mar atá i láthair na huaire.

Is go humhal, imníoch agus le grá mór don Ghaeilge a chuirim na moltaí seo thíos faoi bhur mbráid.

Is mé, le mórmheas,

Ré Ó Laighléis

## Moltaí don Chomhchoiste Dála ar an nGaeilge

(maidir le Léitheoireacht agus Foilsitheoireacht)

Ré Ó Laighléis

1. Nach í an fhoilsitheoireacht an earnáil is tábhachtaí agus/nó is mó is cuí le hairgead a chur isteach ann ag an bpointe seo. Is leor an maoiniú atá ann faoi láthair, ach an t-airgead sin a úsáid i gceart.
2. Is cóir, ar mhaithe le sláinte fadtéarmach agus mairithint na litríochta Gaeilge agus na Gaeilge féin, infheistiú substaintiúil a dhéanamh i gclár cuimsitheach a thugann aghaidh ar 'an léitheoireacht' mar phróiseas forbartha inchinne agus cumais, seachas rud atá tomhaiste ar líon leabhar a dhíoltar (i.e. tomhas eacnaimiúil amháin) agus/nó ar bhisiúlacht gheilleagraich aon teach foilsitheoireachta.
3. Go n-aithneofaí nach aon tomhas é líon na leabhar a dhíoltar ar líon na leabhar a léitear (nó, nach léitear), nó ar líon léitheoirí.
4. Go ndíreofaí go proifisiúnta, críochnúil, eolasach ar an mbearna chronológach/intleachta dá bhfuil ann maidir le léamh agus léitheoireacht (agus tuigimis nach mar an gcéanna iad an dá rúd) na Gaeilge a shárú. (Gan 'léitheoirí', céard is fiú scríbhneoirí nó foilsitheoirí a bheith ann?)
5. Go n-infheisteofaí i gcothú thuiscintí scríbhneoirí, eagarthóirí, fhoilsitheoirí agus mhúinteoirí: **(a)** ar an rud is Léitheoireacht ann, **(b)** ar scileanna agus chleachtais chothaithe na Léitheoireachta agus **(c)** ar fhorbairt léitheoirí óga ar bhonn ghnéithe na **Fíriciúlachta**, an **Infeireachais** agus na **Criticiúlachta** a bheith san ábhar a chuirtear ar fail, ie. bunriachtanais aitheanta an phróisis Léitheoireachta (nach labhartar agus nár labhraíodh orthu ar chor ar bith).
6. Go n-aithneofaí go réalaíoch agus go gníomhach gur trí infheistiú agus chothú riachtanais na Fíriciúlachta, an Infeireachais agus na Criticiúlachta amháin a shárófar an bhearna a mhaireann go bhfuil déagóirí a bhfuil aoisleibhéal intleachtach 16, 17, 18 bliain acu ag léamh sa nGaeilge ag aoisleibhéal chronológach 9, 10, 11 bliain. Gan sin a shárú sa bhfadtéarma, ní bheidh léamh na léitheoireacht ná foilsitheoireacht na Gaeilge ann.

Ré Ó Laighléis, *An Scríobhlann*, 15 Iúil 2022

Ó: An Scríobhlann

Seolta: Sunday 25 December 2022 13:16

Chuig: eoghanocruadhruadh@gmail.com; Eoghan O Cruadhlaoidh

Ábhar: Aiste ar an Léitheoireacht



Bhuel, a Eoghain, a chara liom,

Beannachtaí na Nollag chugat agus chuig an cúram uile.

Anois, ná habair riamh nach raibh mé ag smaoineamh ort agus mé ag leanacht den obair ó luath ar maidin chun an t-alt seo ar 'An Léitheoireacht' a chríochnú in am maith duit.

Go mbaine tú taitneamh as a mbeidh de shos agat thar thréimhse na Nollag, agus beimid ag caint san Athbhliain. Caithfidh mé dul agus mé féin a réiteach anois - léine úr, carbhat agus culaith thrí phíosa a chur orm féin chun éisteacht lenár Rí uasal, Séarlas! Get up the Yard!

Mo mhórmheas,

Ré

--

## An Léitheoireacht Ré Ó Laighléis

Níor mhiste, agus aon aghaidh á tabhairt, nó measúnú á dhéanamh ar cheist na Léitheoireachta, a thuiscint gurb é, go príomhá, atá sa léitheoireacht ná **próiseas** seachas ‘cleachtas’ nó ‘nós’. Is próiseas inchinne agus intinne é trína ghlactar an focal scríofa/priontáilte isteach trí’n tsúil, go dteilgítear íomhá an fhocail sin chun na hinchinne agus, sa ghníomh sin, go dtrasnaítear sionapsanna éagsúla san inchinn nó go ndéantar **ciall** den fhocal sin. San aistear sin ón *stimulus* (focal ar an leathanach) trí’n tsúil (íomhá), go hinchinn, agus ar aghaidh go pointe na céille (sprioc), tá an t-uafás ag tarlú atá coimpléacs, casta, míorúilteach. Deirim ‘míorúilteach’ mar gur tapúla ná faiteadh na súl é (de ghnáth) ciall a bheith déanta den fhocal ag an léitheoir.

Ach, tá céatadán suntasach daoine ann nach éasca dóibh é an t-aistear sin ina gcéad teanga, fiú (Béarla den chuid is mó, i gcás na hÉireann), gan trácht ar an dara teanga. Tá céatadán suntasach ann ar deacracht dóibh é an t-aistear sin. Tá céatadán suntasach ann a théann chun donais, chun éadóchais agus chun cailliúna, ní hamháin mar nach dtagtar i gcabhair ar a ndeacrachtaí in am cuí, ach mar nach dtuigtear, fiú, deacracht a bheith ann nó go mbíonn dochar as cuimse déanta, mar nach bhfuil de thraenáil ar a gcuid múinteoirí, a n-oideachasóirí nó a dtuismitheoirí a thuiscint gur próiseas (seachas cleachtas) go príomhá é an léitheoireacht agus gurb in eilimintí forbartha riachtanacha na fíriciúlachta, an infeireachais agus na criticiúlachta atá eochracha leighis na bhfadhbanna a eascraíonn as an easpa tuisceana agus eolais sin.

Is go tánaisteach atá an léitheoireacht ann mar **chleachtas**, i.e. ‘nós na léitheoireachta’ mar is gnách a thabhairt air. Deirimse ‘go tánaisteach’ mar, ó thús, go bhfuil ‘nós na léitheoireachta’ (nó ‘nós an léimh’, mar is cirte a thabhairt air, mar gur gníomh é seachas próiseas) ag brath go hiomlán ar ‘phróiseas na léitheoireachta’ maidir le ciall nó taitneamh a bhaint as rud ar bith a léitear. Tá seo fíor mar go bhfuil na foth-phróiseasanna ar siúl in inchinn an léitheora ar a dtugtar an **fhíriciúlacht**, an **t-infeireachas** agus an **chriticiúlacht**, agus is iad na fothphróiseasanna sin a chinntíonn go mbíonn an léitheoir, a bheag nó a mhór, ag léamh ar an leibhéal aoise intleachta atá comhchuíseach (commensurate) lena leibhéal aoise cronológaí. I gcás nach gothaítear agus nach gcinntítear an comhchuíseachas sin idir an dá leibhéal, cruthaítear fadhbanna don léitheoir. Agus, ina gcás siúd a bhfuil cúram chothú na léitheoireachta orthu (múinteoirí, tuistmitheoirí, foilsitheoirí, scríbhneoirí srl.), cén seans riamh go sárófar aon fhadhb léitheoireachta mura bhfuil na cúramóirí féin eolasach ar na fothphróiseasanna sin a bheith ann, ar a dtábhacht i gcomhthéacs forbairt na scileanna riachtanacha léitheoireachta, agus ar an gcaoi len iad a chothú sa léitheoir ó thús phróiseas na léitheoireachta?

Ar ndóigh, i gcás an léitheora sa dara teanga, is géire i bhfad i gcónaí é an deacracht seo, agus is leithne i bhfad i gcónaí í an bhearna idir an leibhéal intleachta léitheoireachta agus an leibhéal cronológach léitheoireachta, agus tá cúiseanna ar leith leis sin. Is cúiseanna iad nach bhfuil éirithe leis an gComhchoiste Dála don Ghaeilge aghaidh a thabhairt orthu go fóill – ach ní lochtaím baill an Chomhchoiste as sin. Níl ann ach go bhfuil siadsan sa riocht céanna is atá na tuismitheoirí, na múinteoirí, na foilsitheoirí, na scríbhneoirí agus eile a luaigh mé cheana: níl a fhios acu eilimintí na fíriciúlachta, an infeireachais agus na criticiúlachta a bheith ann mar shíor-eilimintí riachtanacha d’fhoghlaim agus d’fhorbairt an phróisis léitheoireachta in imeacht saol gach aon léitheora. Tá siad aineolach ina dtaobh agus, mar sin, ní heol dóibh go bhfuil sé riachtanach agus práinneach aghaidh a thabhairt (agus go han-luath) orthu. Ach tá sin riachtanach agus, faoi seo, táimid ag pointe na práinne.

**Ach ní leor aineolas mar leithscéal.** Tá an Ghaeilge, mar theanga, i bhfoisceacht 25 bliain dá bás oifigiúil, agus má leantar d’fhairsingiú na bearna idir leibhéal intleachta

na léitheoireachta agus leibhéal cronológach an léitheora sa chéad teanga oifigiúil den Stát seo, ceal gníomh, ceal tuiscint, ceal cur chuige, ciorrófar an 25 bliain sin, agus ní bheidh léamh na Gaeilge ann. Ní fada ina dhiaidh sin nach mbeidh scríobh ná labhairt na Gaeilge ann!!! Gach seans gurb é tuiscint bhaill an Chomhchoiste gur ‘cleachtas’ amháin é an Léitheoireacht, i.e., gurb é an tuiscint tánaisteach amháin atá ag baill an Chomhchoiste ar an rud is Léitheoireacht ann (díreach mar is amhlaidh leis na múinteoirí, foilsitheoirí srl.). Níl a fhios agam an mar sin atá. Gach seans gurb é a cheaptar gurb é leigheas na faidhbe a thuilleadh airgid a chaitheamh leis an bhfoilsitheoireacht chun a thuilleadh leabhar fós (nach léifear, don chuid is mó) a thabhairt amach. Ní chreidim gurb ea. Mar iarfoilsitheoir, tig liom féin a aithint agus a dhearbhu don Chomhchoiste go bhfuil breis agus dóthain airgid cheana féin á chur i dtreo na foilsitheoireachta. Cuimhnimis gur ‘lucht gnó’ iad na foilsitheoirí, agus gurb é is mó is cás leo ná déanamh airgid, seachas slánú teanga. Fainicigí, a chairde an Chomhchoiste, nach ar lucht an bhoilg láin is mó a bhíonn an béal bocht! Más é a bheidh mar thoradh ar obair mhór an Chomhchoiste maidir le slánú na Gaeilge go ndéanfar níos mó airgid fós a chur i dtreo na foilsitheoireachta agus neamhaird a dhéanamh den iniúchadh agus an ceartú is gá a dhéanamh ar an rud is Léitheoireacht ann (áit a bhfuil an fhíorfhadhb, áit a bhfuil an fíorghá le hinfheistiú maidir leis an bhfadhb sin a réiteach), is é buille an bháis a thabharfar don Ghaeilge mar theanga.

**Ceist:** cén fáth a bhfuil an bhearna mhór idir aois intleachta agus aois chronológach an léitheora sa Ghaeilge ann?

**Freagra:** Mar go bhfuil neamhaird iomlán déanta agus á déanamh d’fhorbairt na fíriciúlachta, an infeireachais agus na criticiúlachta i gcothú agus i bhforbairt na léitheoireachta sa Ghaeilge. ‘Beatha teanga í a labhairt, Treisiú teanga í a léamh, Buanú teanga í a scríobh’. Ní bheidh ‘beatha’, ‘treisiú’ ná ‘buanú’ de chineál ar bith i gceist má leantar den treo ar a bhfuil muid le fada. Cén mhaith ann iad na milliúin leabhar (a) mura bhfuil duine ar bith á léamh? agus (b) mura bhfuil duine ar bith in ann iad a léamh? Leighisimis an fhíorfhadhb.

Lean mé seisiúin an Chomhchoiste maidir le gnéithe na Léitheoireachta agus na Foilsitheoireachta. Ba bheag ar fad a bhí le cloisteáil faoin Léitheoireacht mar phróiseas. Ba mar chleachtas (nós léitheoireachta) a labhraíodh air agus, go príomhá, b’iad na foilsitheoirí a tugadh i láthair an Chomhchoiste a rinne an chaint sin. Ba i gcomhthéacs díolacháin leabhar a caitheadh leis an léitheoireacht. Ní meastachán ar rud ar bith seachas gné eacnaimiúil na leabhar é ‘díolachán’. Ach, is é an díolachán is mó is spéis le foilsitheoirí, mar gurb é sin a ghineann airgead. Is lucht gnó iad agus is tuilleamh airgid is bunús lena ngnólachtaí.

Chun a cheart a thabhairt don Chomhchoiste, tugadh cuireadh dom teacht ina láthair chun gnéithe den litríocht a phlé, ach tháinig an dáta a tugadh dom salach ar sheisiún cinnchúrsa ar An Léitheoireacht a bhí le tabhairt agam in Iarthar na tíre ar an dáta céanna. D’fhág sin go raibh orm tús aite a thabhairt don chéad socrú a bhí déanta agam. Ach chuir mé cuid de mo smaointeoireacht i láthair an Chomhchoiste i bhfoirm litreach scríofa agus chuireas in iúl go mbeinnse ar fáil chun labhairt le baill an Chomhchoiste i gcónaí..

Níor mhiste a thuiscint, i gcás foilsitheoireacht na Gaeilge, cheana féin, go bhfuil maoiniú fial flaithiúil ar fáil d’fhoilsitheoirí na Gaeilge, mar is cuí agus is ceart, faoi Scéim Chlár na Leabhar Gaeilge, ar rannóg d’Fhoras na Gaeilge é. Faoin scéim sin, maoinítear na costais éagsúla a bhaineann le tabhairt amach leabhair ag an bhfoilsitheoir *vis á vis*, an t-údar a íoc, an t-eagarthóir a íoc, an dearthóir téacs agus/ealaíontóir na léaráidí a íoc, costais riaradh oifige a íoc, agus, ar ndóigh, príomhchostas an phróisis, i.e. costas priontáil na leabhar a íoc. Anuas air sin, cuidítear le hairgead margaíochta/bolscaireachta/cur chun cinn na leabhar agus, i gcásanna áirithe, le costas daoine a fhostú. Ar ndóigh, ní féidir agus ní chóir aon chuid de na costais sin a ghearán. Agus, anuas eile air sin, tá roinnt de na foilsitheoirí a lorgaíonn

tacú airgid ar An gComhairle Ealaíon srl., chomh maith, rud a bhfuil siad i dteideal a lorg.

Mar sin, nuair is mar sin atá, tá costais iomlána tabhairt amach na leabhar íoctha leis na foilsitheoirí faoi scéim/scéimeanna ón tús, rud a fhágann nach gá dóibh a gcuid airgead féin a chaitheamh le gnéithe sin na hiarrachta. Ach arís, sin mar is gá agus sin mar is cuí, is cosúil. Ach ciallaíonn sin go bhfuil foilsitheoirí na Gaeilge – nó iad sin díobh a fhaigheann maoiniú ar fhoilseacháin ó Fhoras na Gaeilge (chomh maith, ar uairibh, ón gComhairle Ealaíon, ILÉ, COGG srl) – ag tosú amach gan na fiacha a bheadh ar tháirgeoirí in earnáileacha eile gnó, de ghnáth. Samhlaimis a thuilleadh airgid fós a thabhairt don fhoilsitheoireacht, atá fíor-dheamhaoinithe cheana féin, nuair is in earnáil na 'léitheoireachta' féin, go fireannach, atá an mhórfhadhb!

Ach, má tá maoiniú chomh fial sin ar fhoilsitheoireacht na Gaeilge ann cheana féin, gan trácht ar a thuilleadh a chur leis, nach bhfuil sé réasúnta a cheapadh go gcuirfí na ceisteanna iniúchacha ag leibhéal an Chomhchoiste (nó eile) maidir le cén dualgas/fhreagracht atá ar na foilsitheoirí fein i dtaobh chaiteachas an airgid sin, os rud é gur airgead an phobail agus airgead na Gaeilge é. É sin, seachas a fhiafraí de na foilsitheoirí féin céard é atá de dhíth orthu. Níor mhiste na ceisteanna cruu a chur, agus sin a dhéanamh gan mhoill.

Sa chomhthéacs sin, mura dtógaimis ach sampla de na tithe foilsitheoireachta (abair, na tithe foilsitheoireachta atá i gConamara, a tháinig os comhair an Chomhchoiste agus a labhair go deisbhéalach ina láthair) a bhéimnigh an gá atá ann lena thuilleadh maoinithe, nó go ndúnfaí doirse a gcomhlachtaí, níor mhiste an cheist a chur faoi cá hann dá ndualgais/bhfreagracht féin maidir le caiteachas an airgid a dheonaítear orthu chun an Ghaeilge a shlán agus a chur chun cinn. Ceist chrua, ach ceist nár mhiste a chur.

I gcás na dtithe foilsitheoireachta sin (trí cinn acu), táid uile i bhfoisceacht 20km de chomhlacht priontála den chaighdeán táirgíochta is airde, ina labhraítear an Ghaeilge mar ghnáththeanga ghnó agus atá iomlán tiomanta don Ghaeilge – an t-aon chomhlacht priontála leabhar sa tír a bhfuil an Ghaeilge mar theanga oibre ann, agus é ar leic an dorais ag na foilsitheoirí. Aon cheann amháin de na comhlachtaí foilsitheoireachta sin a thugann a gcuid leabhar don chomhlacht priontála sin go féiltiúil. Go hócáidiúil a thugann an dara ceann ábhar dóibh, ach is minice gur chuig comhlacht nach í an Ghaeilge an teanga oibre ann a théitear le hairgead poiblí na Gaeilge/hÉireann/an AE a chaitheamh. Agus, i gcás an tríú tigh foilsitheoireachta, más fíor – agus deimhneodh ceist chrua amháin ón gComhchoiste (nó eile) an fíor nó nach ea – ní chuig priontálaí Gaeilge nó Béarla in Éirinn a théitear le hairgead poiblí na Gaeilge/na hÉireann/na hEorpa a chaitheamh (más fíor), ní chuig priontálaí sa Bhreatain nó san Eoraip a théitear le hairgead poiblí na Gaeilge/ hÉireann/na hEorpa a chaitheamh (más fíor), ach chun na hÁise. A bhail an Chomhchoiste, an bhfuil cás a cheapadh, i gcás dhá cheann de na tithe foilsitheoireachta sin, go mbeadh sé réasúnta agus morálta, ar a laghad, go gcaithfí airgead sin na Gaeilge/hÉireann in Éirinn féin, agus gurbh fhearr fós go gcaithfí é in Éirinn agus i gcomhlacht priontála den chaighdeán is airde ina labhraítear an Ghaeilge mar theanga oibre? Nár chóir an cheist a chur? Nár choir an t-airgead sin a bheith ag rothlú I saol na hÉireann agus I saol na Gaeilge, áit a chuideodh sé lena bhfuil d'obair le déanamh maidir le slánú gach gné den teanga – an léitheoireacht san áireamh? Nó an leor é leanacht de chur airgid i dtreo na foilsitheoireachta agus ligean don fhíorfhadhb (cúlú na léitheoireachta chun na haimléise) agus neamhthuiscint – neamhaithint – na faidhbe léitheoireachta ag dul in olcas go dtí, ar deireadh, nach mbeidh gá le leabhair, le scríbhneoirí, le foilsitheoirí ... le Gaeilge?

Rud éile nár mhiste a chur ar a súile don Chomhchoiste agus do léitheoirí na tuarascála seo maidir le 'cleachtas' nó 'nós' na léitheoireachta (seachas próiseas) is ea go bhfuil dhá ghné de 'chleachtas' nó 'nósmhaireacht' na léitheoireachta ann, atá difriúil thar a

chéile agus a bhfuil gá le haird agus tuiscint a thabhairt orthu in bhur bpléanna, mar atá: (a) An Mhaoinléitheoireacht, agus (b) An Taibhléitheoireacht. Is dá bhunghné iad seo a bhfuil dá phróiseas difriúla ag baint leo, agus impleachtaí móra ag baint leosan maidir leis an mbearna (nó an ‘hiatus’) léitheoireachta ar an gcontinuum Aoisleibhéal Intleachta/Aoisleibhéal Cronológach. Mura bhfuil an tuiscint ag múinteoirí, foilsitheoirí agus, go deimhin, ag scríbhneoirí iad féin, ar céard iad na difríochtaí sin, is chun donais a bheidh cúrsaí ag dul maidir le léamh agus léitheoireacht sa Ghaeilge.

Ar an mbonn oideachasúil, níor mhiste feidhmiú go práinneach chun stop a chur leis an dochar a dhéanann ‘na sraitheanna léitheoireachta scoile’ a chuireann foilsitheoirí ‘oideachais’ amach in ainm an oideachais. Is leabhair iad seo, i gcás na Gaeilge, a scrítear ar an leibhéal fíriciúil léitheoireachta amháin, rud a fhágann nach dtugtar aon aird ar chothú leibhéil riachtanacha an infeireachais agus na criticiúlachta. Ciallaíon sin, ar ndóigh, seachas freastal ar riachtanais fhorbartha na léitheoirí óga, gurb é a mhalairt ar fad a dhéantar: trí neamhaird ghlan a dhéanamh d’fhorbairt an infeireachais agus na criticiúlachta, is é a dhéanann na sraithleabhair seo ná fairsinge na bearna (an ‘hiatus’) a leathnú níos mó fós. An bhfuil cás a cheapadh gurbh iad na ‘leabhair’ seo ó na comhlachtaí foilsitheoireachta ‘oideachais’ is mó is cúis le leathnú na bearna ó 1970 i leith (53 bliain de scrios teanga). Is dóigh liomsa go bhfuil. Cuimhnimis, a léitheoirí, gurb é príomhghnó agus príomhshaineolas na bhfoilsitheoirí ‘oideachais’ ná déanamh airgid, seachas aon slánú teanga nó forbairt oideachasúil. Ceist chrua eile le cur: Céard é dearcadh na Roinne Oideachais faoin bhfeall seo? Nó an bhfuil aon dearcadh acu? Ceist eile fós: Céard tá le rá ag an NCCA faoin bhfeall seo? Nó an bhfuil rud ar bith le rá acu.

Agus, ar deireadh, ceist deilgneach na Díoluaine i gcás na Gaeilge agus na n-ócáidí ar a dtugtar díoluaine ón nGaeilge ar bhonn dyslexia (tuigim go mbíonn fáthanna éagsúla eile ann). Ní foláir a thuiscint i gcónaí gur scáth-théarma é an focal ‘dyslexia’ ar fhadhbanna réimsiúla éagsúla difriúla léitheoireachta – ‘*dyslexia is a general condition that is not specific to any one particular reading problem and/or any one particular language. It is an umbrella term that tells us little.*’ (Britton).

Ní féidir a bheith ‘dyslexic’ in aon teanga amháin. Má tá fadhb disleicseach sa léitheoireacht (agus sa léamh) ag léitheoir i dteanga amháin, tá an fhadhb sin aige sa léitheoireacht (agus sa léamh) i ngach aon teanga. Ná ligfí go meascafaí easpa tuisceana i gcás léamh in aon teanga ar leith agus an léitheoir a bheith ‘disleicseach’.

Crua-cheist don Chomhchoiste: An dóigh libh go bhfuil iniúchadh ceart déanta sna seisiúin ar an rud is ‘Léitheoireacht’ ann?

Ré Ó Laighléis, B.A., O.S., C.T.G., A.T.Oid, Diop Iarchéime in Ed., M.Ed., Ph.D. (Cláraithe mar Speisialtóir Comhairleach in Oideachas na Léitheoireachta leis an Massachusetts State Board of Education, 1983)